CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Tuairim 01/2023

(de bhun Airteagal 287(4), CFAE)

maidir le togra ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh le haghaidh leasú ar Choinníollacha Fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha d'fhonn a mbonnluach saothair a choigeartú

Ábhar

	Alt
Réamhrá	**01-03**
Tráchtanna ginearálta	**04**
Tráchtanna sonracha	**05-08**
Riachtanais bhuiséadacha	**05-07**
Lacáistí cánach	**08**
Pointí clabhsúir	**09**

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 287(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 ('an Rialachán OIPE'), lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE),

Ag féachaint do Chinneadh 001/2020 ó Choláiste OIPE an 29 Meán Fómhair 2020, arna leasú agus arna fhorlíonadh, lena leagtar síos rialacha maidir le Coinníollacha Fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (EDPanna),

Ag féachaint don iarratas a chuir OIPE ar aghaidh chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an 22 Samhain 2022 ar thuairim maidir lena thogra le haghaidh leasú ar Choinníollacha Fostaíochta na EDPanna d'fhonn a mbonnluach saothair a choigeartú,

Ag féachaint do Thuairim 05/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an togra óOIPE roimhe sin le haghaidh leasú ar na Coinníollacha Fostaíochta céanna.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní íocann OIPE liúntais linbh chleithiúnaigh AE le EDPanna, ach faigheann na fostaithe sin lacáistí cánach AE a ghabhann leis ina dtuarastal.

(2) I mbreithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh (Cás T–484/18), deimhníodh go teagmhasach, nach bhfuil fostaithe AE nach bhfuil i dteideal liúntas linbh chleithiúnaigh a fháil óna bhfostóir AE (agus nach bhfaigheann an liúntas sin) i dteideal na lacáistí cánach comhfhreagracha ar a dtuarastal AE, dá bhforáiltear i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 260/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968, lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach.

(3) Tá comhairle curtha ag seirbhísí dlí an Choimisiúin ar na seirbhisí inniúla sa Choimisiún, a chuir OIPE ar an eolas i nDeireadh Fómhair 2022 nach féidir le EDPanna tairbhe a bhaint as liúntais linbh chleithiúnaigh AE, agus nach bhfuil siad i dteideal díolúine ó cháin mar gheall ar liúntas linbh a fuarthas ó Bhallstát.

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

Réamhrá

01 Tá ar a laghad dhá EDP ag gach Ballstát rannpháirteach atá ina gcónaí ina dtír bhaile. Fostaíonn OIPE na EDPanna sin mar Shainchomhairleoirí i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais.

02 Molann OIPE leasú ar Choinníollacha Fostaíochta na EDPanna: Maidir le Cinneadh 001/2020 ón gColáiste, lena leagtar síos rialacha maidir le Coinníollacha Fostaíochta na EDPanna, arna leasú agus arna fhorlíonadh ag Cinntí 017/2021 agus 103/2021 ó Choláiste OIPE, a leagann amach pá na EDPanna ag 80 % d'oifigeach ar ghrád AD9 faoi láthair, dhéanfaí na leasuithe seo a leanas:

> Airteagal 14, mír (1), ag litir a): 'a) an bunluach saothair míosúil do leibhéal 1 den scála dá dtagraítear in Airteagal 12 den Chinneadh seo, a chomhfhreagraíonn don bhuntuarastal míosúil atá ag Oifigeach i ngrúpa feidhme AD, grád 9, céim 1, mar a fhoráiltear sa tábla in Airteagal 66 de na Rialacháin Foirne. Beidh méadú 6 % ar an mbunluach saothair míosúil do gach leibhéal eile ina dhiaidh sin den scála sin.'

03 Chuir OIPE ar an eolas muid go raibh sé i gceist ag an togra seo tarraingteacht na bpost EDP a mhéadú sna Ballstáit. Téann sé in ionad thogra OIPE ó Aibreán 2022 chun liúntais linbh a íoc le EDPanna.

Tráchtanna ginearálta

04 Forálann an Rialachán OIPE go mbeidh OIPE neamhspleách. Fógraíonn an Rialachán seo gur cheart EDPanna a ghabháil mar Shainchomhairleoirí. Le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (Airteagal 123), a bhfuil feidhm acu maidir le Sainchomhairleoirí, tá sé d'acmhainn ag OIPE leibhéal tuarastail a leagan amach do EDPanna, laistigh de shrianta buiséadacha agus dlíthiúla eile. Dá bhrí sin, ní dhéanann muid trácht ar scála ná ar nádúr an mhéadaithe atá molta maidir le luach saothair.

Tráchtanna sonracha

Riachtanais bhuiséadacha

05 Is éard a bheidh i gceist leis an athrú atá molta do luach saothair EDPanna ná méadú 25 % i mbuntuarastal míosúil do gach EDP. Mheas OIPE go mbeidh costas idir €2.4 milliún agus €3.8 milliún air sin do 2023. Is méadú suntasach é sin ón thogra roimhe seo ar leasú ó OIPE (na liúntais linbh chleithiúnaigh an Aontais a dheonú do EDPanna le leanaí), agus mheas OIPE go raibh costas €0.8 milliún in aghaidh na bliana air sin. Is é an buiséad do luach saothair EDPanna do 2023 faoi láthair ná €9.8 milliún (as buiséad iomlán OIPE de €65.5 milliún), roimh thionchar an leasaithe atá molta a chur san áireamh.

06 Amhail an trácht a rinneamar inár dTuairim 05/2022, caithfear costais bhreise a chur san áireamh mar chuid de phléití buiséadacha bliantúla amach anseo.

07 Ina dtuairim ón 11 Eanáir 2023 maidir le togra OIPE, tugaimid faoi deara gur fhógair seirbhísí an Choimisiúin nach féidir leo a bhformheas a thabhairt ach amháin i gcás nach mbeidh ranníocaíochtaí airgeadais bhreise ón Aontas ag teastáil ón méadú struchtúrtha atá molta.

Lacáistí cánach

08 Tar éis an bhreithiúnais ábhartha ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Cás T–484/18), agus mar a d'aithin OIPE agus an Coimisiún, níl aon bhunús dlí ann chun lacáiste cánach AE a dheonú do na EDPanna. Ba cheart do OIPE measúnú a dhéanamh ar théarnamh lacáiste cánach AE a deonaíodh le dhá bhliain anuas ó EDPanna, i gcomhréir le hAirteagal 17 (1) de Chinneadh 001/2020 ón gColáiste, lena bhforáiltear go n-aisghabhfar aon suim a ró-íocadh dá mba rud é go raibh a fhios ag an bhfaighteoir nach raibh aon chúis leis an íocaíocht, nó dá mba rud é nach bhféadfadh an duine sin a bheith ar an eolas faoin ró-íocaíocht.

Pointí clabhsúir

09 Tá sé de cheart ag OIPE luach saothair na EDPanna a chinneadh. Bheadh costas breise suntasach do OIPE i gceist leis an méadú atá molta do luach saothair EDPanna, agus ba cheart aghaidh a thabhairt air agus é a chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach i mbuiséid amach anseo. Caithfidh OIPE measúnú a dhéanamh freisin ar an lacáiste cánach AE a deonaíodh le dhá bhliain anuas a théarnamh ó EDPanna.

Is é Seomra V, faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a ghlac an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Eanáir 2023.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déanfar ábhar CIE atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas Sannta Idirnáisiúnta *Creative Commons* 4.0 (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Níor cheart dóibh siúd ata ag baint athúsáide as ábhar CIE bunbhrí ná teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh CIE faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Ní mór cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann CIE nó ina bhfuil oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaighfear cead, féadfaidh an cead ginearálta a chur ar ceal agus beidh an cead a fuarthas in ionad an cheada ghinearálta atá thuasluaite agus féadfaidh aon srian ar úsáid a léiriú go soiléir ann.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach a úsáid nó a atáirgeadh.

Eisiatar bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, ó bheartas athúsáide CIE.

Tá naisc le fáil chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtithe ar shuíomhanna Gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt ar na fearainn sin, moltar duit athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt.

Úsáid an Lógó CIE

Níor cheart lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.